AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 33/2013

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna Aitheanta

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington)

Scéim Mhaoirseachta i mBunscoileanna

Réamhrá

1. Is í aidhm na hImlitreach seo ná Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí a chur ar an eolas faoi na hathruithe ar an scéim Mhaoirseachta atá le teacht i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14, ag eascairt as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington).

Rannpháirtíocht Éigeantach sa Scéim Mhaoirseachta

2. Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14, beidh rannpháirtíocht sa scéim Mhaoirseachta éigeantach do na múinteoirí uile.

Ardú sa Riachtanas Bliantúil Uaireanta

3. Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14, beidh ar gach múinteoir 43 uair an chloig maoirseachta a sholáthar in aghaidh na bliana. Áireoidh sé seo freisin clúdach a sholáthar do na neamhláithreachtaí a dtagraítear dóibh in alt 4.

Úsáid na nUaireanta Maoirseachta

4. Chomh maith leis an úsáid faoin scéim atá ann faoi láthair, bainfear úsáid as uaireanta a chuirfear ar fáil faoin scéim ionadaíochta mar seo a leanas:

    - Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14 – chun neamhláithreachtaí saoire tinnis gan teastas uile a chlúdach, faoi réir na mbeart maolaithe cuí maidir le neamhláithreachtaí iolracha, i scoileanna beaga ach go háirithe.

- Le feidhm ó thús na scoilbhliana 2014/15 – chun an chéad lá de shaoire *force majeure* agus de shaoire tinnis sa teaghlach a chlúdach.

Íocaíochtaí Maoirseachta

5. Déanfar íocaíocht maidir le hobair a rinneadh faoin scéim mhaoirseachta sa scoilbhliain 2012/2013 mar is gnách.

6. Cuirfear deireadh leis an liúntas maoirseachta le feidhm ó thús na scoilbhliana 2013/14.

7. Áireofar ollíocaíocht bhreise €1,592 sa scála incriminteach do mhúinteoirí ina dhá pháirt - leath sa scoilbhliain 2016/17 agus an dara leath sa scoilbhliain 2017/18.

8. Maidir le múinteoir a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin, déanfar a s(h)ochair aoisliúntais a ríomh trí thagairt dá bpá agus liúntais inphinsin atá i bhfeidhm ar an 30 Meitheamh 2013.

Scaipeachán

9. Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo don Bhord Bainistíochta agus go dtarraingítear aird na n-oidí uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.

10. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh na Roinne faoi http://www.education.ie .

Padraig Maloney
Rannóg Párolla
27 Meitheamh 2013